**Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú**

►B **CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2452 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Nollaig 2022**

**lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil leis an Doiciméad Taistil Éigeandála AE arna bhunú le Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle** [1]

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8938)*

(IO L 320, 14.12.2022, lch. 47)

Arna leasú le:

| | | Iris Oifigiúil | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimh | Leathanach | Dáta |
| ►M1 | Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2662 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2024 | L 2662 | 1 | 15.10.2024 |

(1) SECRET UE/EU SECRET non classifiée en l'absence de la partie II de l'annexe/neamh-rúnaicmithe nuair nach mbíonn sé ag gabháil le Cuid II den Iarscríbhinn.

▼B

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2452 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Nollaig 2022**

**lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil leis an Doiciméad Taistil Éigeandála AE arna bhunú le Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle** ([1])

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoicméad C(2022) 8938)*

*Airteagal 1*

Na sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil leis na réamhriachtanais, na treoracha agus na caighdeáin maidir leis an Doiciméad Taistil Éigeandála AE ("DTÉ AE") a tháirgeadh, is iad na sonraíochtaí a leagtar amach i gCuid I den Iarscríbhinn a bheidh iontu.

Na sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil le dearadh, formáid agus dathanna na foirme aonfhoirmí agus an ghreamáin aonfhoirmigh DTÉ AE, na ceanglais maidir le hábhar agus teicnící priontála na foirme aonfhoirmí DTÉ AE, agus gnéithe agus ceanglais slándála lena n-áirítear caighdeáin fheabhsaithe in aghaidh an bhrionnaithe, an ghóchumtha agus an fhalsaithe, is iad na sonraíochtaí a leagtar amach i gCuid II den Iarscríbhinn a bheidh iontu. Déanfar Cuid II den Iarscríbhinn a rúnaicmiú mar SECRET UE/EU SECRET.

▼M1

Is mar a leagtar amach i gCuid III den Iarscríbhinn a bheidh na rialacha maidir le greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a líonadh agus a ghreamú.

Is mar a leagtar amach i gCuid IV den Iarscríbhinn a bheidh na rialacha maidir le comhlachtaí éagsúla atá freagrach as foirmeacha agus greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh.

▼B

*Airteagal 2*

Cuirfidh gach Ballstát sampla tagartha dá DTÉ AE chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile. Coimeádfaidh gach Ballstát samplaí de rití cló a dhéanfar ina dhiaidh sin agus coimeádfaidh siad iad lena gcur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

([1]) SECRET UE/EU SECRET non classifiée en l'absence de la partie II de l'annexe/neamh-rúnaicmithe nuair nach mbíonn sé ag gabháil le Cuid II den Iarscríbhinn.

▼B

*IARSCRÍBHINN*

**Sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil leis an Doiciméad Taistil Éigeandála AE**

Cuid I:

Réamhriachtanais, treoracha agus caighdeáin le haghaidh an táirgthe [1]

1. CONTENTS
2. INSTRUCTIONS REGARDING PRODUCERS
3. PHYSICAL SECURITY
   3.1. PRODUCTION BUILDINGS
   3.2. SECURITY PERSONNEL
   3.3 SECURITY CONTROL ROOM
   3.4. VISITORS OR THIRD-PARTY ACCESS
   3.5. PERSONNEL ACCESS
   3.6. PRODUCTION AREA CONTROL
   3.7. HANDLING OF INCOMING & OUTGOING MATERIALS
   3.8. GNÉITHE SEACHADTA
4. SECURITY OF PRODUCTION METHODS AND MATERIALS
   4.1. PLATES
   4.2. PAPER
   4.3. DIFFRACTIVE OPTICALLY VARIABLE IMAGE DEVICE
   4.4. SECURITY INKS
   4.5. STORAGE
5. QUALITY CONTROL
6. REFERENCES

[1] SECRET UE/EU SECRET non classifiée en l'absence de la partie II de l'annexe/neamh-rúnaicmithe nuair nach mbíonn sé ag gabháil le Cuid II den Iarscríbhinn.

▼B

1. CLÁR

Sa chuid seo den Iarscríbhinn, leagtar amach na rialacha maidir le Doiciméad Taistil Éigeandála an Aontais Eorpaigh (DTÉ AE) a tháirgeadh.

Féadfar an chuid seo den Iarscríbhinn a chur ar fáil do chlódóirí slándála ionchasacha, mar chuid de phróiseas tairisceana cuir i gcás.

2. TREORACHA MAIDIR LE TÁIRGEOIRÍ

Tithe clódóireachta nó institiúidí slándála, bíodh siad poiblí nó príobháideach, arna gcoimisiúnú ag na Ballstáit agus iad in ann doiciméid ardslándála a tháirgeadh, is iad na heagraíochtaí sin amháin a dhéanfaidh DTÉnna AE a tháirgeadh.

Ní mór do na cuideachtaí nó do na hinstitiúidí sin a bheith in ann a n-inniúlacht a chruthú maidir leis an táirgeadh sin a ghabháil do láimh. Ní mór don táirgeoir a cheannoifig a bheith lonnaithe san Aontas agus ní mór táirgeadh DTÉnna AE a dhéanamh san Aontas freisin.

Ní féidir táirgeadh DTÉnna AE a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtí (ní bhaineann sé sin leis na hamhábhair ná leis na comhpháirteanna, snáithíní agus páipéar slándála cuir i gcás), ach amháin má údaraíonn an Ballstát a eisíonn an conradh maidir le táirgeadh an Doiciméid Taistil Éigeandála AE é sin agus má chuirtear in iúl don Choimisiún é. Ina theannta sin, cuideachtaí tríú páirtí a thugann faoi chuid de tháirgeadh DTÉnna AE, ní mór dóibh cloí leis na caighdeáin agus na cleachtais slándála a liostaítear sa doiciméad seo.

Ní mór don táirgeoir a bheith deimhnithe i gcomhréir le caighdeán ISO 9001 "Córas Bainistíochta Cáilíochta" agus ISO/IEC 27001 "Córais bainistíochta slándála faisnéise".

Ina theannta sin, ní mór don táirgeoir deimhniú ISO 14298 reatha "Bainistiú Próiseas Priontála Slándála" (CWA 14641 roimhe seo) a bheith aige, deimhniú a dheimhnítear a bheith ar leibhéal "rialtasach" ar a laghad nó atá i gcomhréir leis an rialáil náisiúnta choibhéiseach.

Ní mór do tháirgeoirí sonraí i ndáil le deimhnithe um iniúchadh slándála a sholáthar arna iarraidh sin don Bhallstát.

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcloíonn na táirgeoirí leis na rialacha sin agus ní mór dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcuideachta a roghnaíodh chun an táirgeadh a dhéanamh.

Aon sárú slándála i ndáil le DTÉnna AE, ábhair bhunúsacha nó slándáil fhisiciúil na saoráidí tráth an táirgthe, ní mór don táirgeoir é a thuairisciú don Bhallstát, agus ní mór don Bhallstát an méid sin a chur in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

3. SLÁNDÁIL FHISICIÚIL

Na ceanglais a leagtar amach sa roinn seo, is sa bhreis ar ISO 14298 atá siad agus bíonn siad éigeantach agus DTÉnna AE á dtáirgeadh. Tá siad infheidhme freisin maidir le hábhair, táirgí leathchríochnaithe agus stóráil DTÉnna AE.

Ní mór slándáil fhisiciúil na n-áitreabh agus na bhfoirgneamh táirgthe a chothabháil i gcomhréir le ISO 14298 agus le Ceanglais Deimhniúcháin Intergraf (go háirithe Catagóir Riosca E "Ionradh fisiciúil agus riosca a bhaineann le rochtain") nó leis an rialáil náisiúnta choibhéiseacha.

Gach duine (fostaithe, pearsanra slándála, cuairteoirí, tríú páirtithe, etc.) atá i láthair san áitreabh nó i bhfoirgnimh táirgthe an táirgeora, ní mór iad a rialú i gcomhréir le Ceanglais Deimhniúcháin Intergraf ISO 14298 nó leis an rialáil náisiúnta choibhéiseacha.

▼B

3.1. FOIRGNIMH TÁIRGTHE

Ní mór gach foirgneamh ina stóráiltear agus ina bpróiseáiltear amhábhar, táirgí leathchríochnaithe agus táirgí críochnaithe a bheith deimhnithe ar leibhéal "Rialtasach" ar a laghad i gcomhréir le ISO 14298 nó leis an rialáil náisiúnta choibhéiseacha.

3.2. PEARSANRA SLÁNDÁLA

Ní mór don táirgeoir roinn speisialta ar leith nó cuideachta slándála chreidiúnach dheimhnithe a úsáid, mar aon le pearsanra slándála dea-oilte, a bheidh freagrach as slándáil na n-áitreabh agus na limistéar táirgthe. Moltar an chuideachta slándála seachtrach a bheith deimhnithe maidir le gnéithe cáilíochta (e.g. ISO 9001, DIN 77200).

3.3. SEOMRA RIALAITHE SLÁNDÁLA

Ní mór don táirgeoir seomra rialaithe slándála a bheith aige san áitreabh táirgthe. Ní mór bearta slándála fisiciúla ceanglais EN 50518 a chomhlíonadh (níl gá le deimhniú), é sin nó rialáil/caighdeáin náisiúnta a chomhlíonadh. De mhaolú ar an abairt roimhe seo, is féidir dialltaí ó EN 50518 a bheith ann ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar mheasúnú riosca. Ní mór an doras rochtana chuig an seomra rialaithe slándála a bheith feistithe ag an mbealach isteach agus ag an mbealach amach le léitheoir cárta nó le córas rialaithe um rochtain bhithmhéadrach ina dtaifeadtar gach iontráil agus gach imeacht ón seomra, agus ní mór é a bheith feistithe le feidhm a chuireann bac ar an gcárta a thabhairt siar go dtí an chéad duine eile.

Moltar beirt oibreoirí (gardaí) ar a laghad a bheith i láthair i gcónaí. Moltar gur fostaithe de chuid an táirgeora a bheadh sna hoibreoirí (gardaí) sin.

3.4. ROCHTAIN CUAIRTEOIRÍ NÓ TRÍÚ PÁIRTITHE

Ní mór aon rochtain tríú páirtí nó cuairteora ar limistéir an táirgthe a rialú go docht maidir le ISO 14298. Ní mór na daoine sin a thionlacan i gcónaí agus ní mór dóibh a suaitheantas aitheantais a chaitheamh ar bhealach infheicthe i gcónaí.

3.5. ROCHTAIN PEARSANRA

Ní mór rochtain ar limistéir an táirgthe a shrianadh ionas gur ag fostaithe údaraithe amháin a bheidh sí trí chóras rialaithe um rochtain a fheidhmíonn go dian ar bhonn duine ar dhuine. Ní mór nós imeachta um rialú rochtana a bheith i bhfeidhm. Moltar gan rochtain a thabhairt ach ar bhonn riachtanais eolais.

3.6. RIALÚ LIMISTÉAR AN TÁIRGTHE

Ní mór limistéir an táirgthe a rialú i gcónaí. Nuair nach mbíonn limistéir an táirgthe in úsáid, ní mór iad a chur faoi ghlas go fisiciúil agus faireachán a dhéanamh orthu.

Má bhíonn gá le rochtain ar limistéir an táirgthe nuair nach mbíonn táirgeadh ar siúl, ní mór an roinn slándála a chur ar an eolas agus ní mór do phearsanra na roinne a bheith i láthair le linn na rochtana sin. I gcásanna den sórt sin, ní ceadmhach go bhféadfaí dul isteach i limistéir an táirgthe gan pearsanra na roinne slándála a bheith i láthair go fisiciúil (agus an eochair nó na heochracha i seilbh duine nó daoine ar leith).

3.7. LÁIMHSHEÁIL ÁBHAR ISTEACH AGUS AMACH

Ní mór don táirgeoir limistéir loingseoireachta agus seachadta tiomnaithe a bheith ar fáil chun déileáil le hábhair agus táirgí isteach agus amach. Gach doras loingseoireachta agus seachadta, lena n-áirítear geata an fháil imlíne, an doras idirmheánach agus an doras loingseoireachta agus seachadta inmheánach, ní mór iad a fheidhmiú ar bhonn leictreonach agus comhghlasála a fhágann gurb amhlaidh, nuair a bhíonn ceann de na doirse ar oscailt, go mbíonn an ceann eile nó na cinn eile daingnithe go leictreonach.

▼B

Ní mór próisis a bheith i bhfeidhm chun scagadh a dhéanamh ar chuairteoirí agus ar thiománaithe na bhfeithiclí a iompraíonn na hábhair sin. Ní mór loga a choinneáil ar gach seachadadh ábhair.

▼M1

3.8. GNÉITHE SEACHADTA

Ní mór don Bhallstát a eisíonn an conradh agus don táirgeoir seachadadh DTÉnna AE a rialú. Ós rud é go meastar gur ítimí slándála ardriosca iad DTÉnna AE críochnaithe nach ndearnadh pearsantú orthu go fóill, ní mór an t-iompar a bheith chomh slán agus is féidir.

Ní mór measúnú riosca cineálach a dhéanamh agus a dhoiciméadú maidir le gach cineál iompair agus ní mór aon bhearta slándála breise a mheastar a bheith riachtanach a chur chun feidhme (e.g. feithicil armúrtha, feithicil tionlacain). Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe sin aon uair a thagann athrú ar na himthosca ábhartha.

Ní mór faireachán a dhéanamh ar gach gníomhaíocht luchtaithe agus díluchtaithe – lena n-áirítear seachadadh chuig an bpáirtí is faighteoir – agus é sin a dhéanamh faoi dhé-stiúradh, is é sin, rialú ina bhfuil beirt nó níos mó páirteach.

Ní mór sraithuimhreacha DTÉnna AE atá á n-iompar a chur ar fáil don Bhallstát a eisíonn an conradh trí mheán leictreonach roimh imeacht dó.

Ba cheart stádas agus suíomh na bhfeithiclí a bhfuil táirgí priontála slána á n-iompar acu a sheiceáil go tráthrialta le linn an iompair. Ní mór dhá chóras neamhspleácha ar a laghad a bheith ann, córais lena n-áirithítear cumarsáid éifeachtach le comhpháirtithe seachtracha i gcás aon chur isteach ar an iompar.

Ní mór aon neamhrialtacht (e.g. aon pháirtí lena mbaineann gan na híoscheanglais iompair sin a chomhlíonadh, ionsaí ar an lucht atá á iompar nó caillteanas ar aon chúis le linn an iompair) a thuairisciú láithreach don chuideachta táirgthe.

Ní ceadmhach rochtain a bheith ann ar na táirgí slána ón taobh istigh de chábán an tiománaí agus ní mór an urrann ina n-iompraítear na hearraí a bheith déanta as miotal, a bheith foriata go hiomlán (tá cosc ar fheithiclí a bhfuil cabhalra cuirtíneach acu) agus rochtain a bheith ann le haghaidh luchtú agus díluchtú trí dhoras glasáilte. Ní ceadmhach eochracha na nglas a iompar taobh istigh den fheithicil.

I ndáil le haon chonradh chun foirmeacha agus greamáin DTÉ AE atá bán agus aonfhoirmeach a sheachadadh, ní mór foráil a dhéanamh maidir le haon ghoid nó le haon chaillteanas foirmeacha agus greamán DTÉ AE atá bán agus aonfhoirmeach le linn an phróisis seachadta a thuairisciú láithreach don Bhallstát a eisíonn an conradh, lena n-áirítear na sraithuimhreacha lena mbaineann. Ní mór do na Ballstáit a eisíonn an conradh an ghoid nó an caillteanas sin a thuairisciú do bhunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid Taistil atá Goidte nó Caillte (SLTD), gan dochar d'aon oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 38(2)(k) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

[1] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj).

▼B

4. SLÁNDÁIL MODHANNA TÁIRGTHE AGUS ÁBHAR

Sa roinn seo, leagtar amach an fhaisnéis slándála is gá maidir leis na hítimí a úsáidtear chun an Doiciméad Taistil Éigeandála AE a tháirgeadh. Ní mór don táirgeoir rian iniúchóireachta iomlán a choimeád ón uair a thagann ábhair shlándála isteach go dtí seachadadh na DTÉnna AE, iniúchóireacht lena gcumhdaítear scriosadh ábhair mhillte nach bhfuil ag teastáil nó ábhair leath-chríochnaithe.

Ina theannta sin, is faoin táirgeoir atá an rogha agus an fhreagracht maidir le soláthróirí amhábhar agus, i gcás inar gá, ní mór don Bhallstát ábhartha iad a fhormheas freisin. Moltar na soláthróirí amhábhar slándála deimhnithe a bheith deimhnithe a oiread céanna agus atá ag na táirgeoirí – go háirithe maidir le ISO 14298. I gcás ina measfaidh an táirgeoir go bhfuil an soláthróir creidiúnach iontaofa (agus i gcás ina ndearbhóidh an táirgeoir é sin le seiceálacha dá réir sin) ach nach bhfuil an soláthróir deimhnithe, ní mór formheas a fháil ón mBallstát ábhartha a eisíonn an conradh agus ní mór don Bhallstát fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir.

4.1. PLÁTAÍ

Moltar na plátaí priontála uile le haghaidh an Doiciméid Taistil Éigeandála AE a tháirgeadh ar áitreabh an táirgeora údaraithe ina ndéantar DTÉnna AE a tháirgeadh. Mura mbeidh gá leis na plátaí priontála a thuilleadh (e.g. mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt, lochtanna, etc.) ní mór iad a chur sa riocht nach féidir iad a úsáid a thuilleadh agus ní mór iad a scriosadh go slán ar bhealach iomchuí.

Plátaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh rití táirgeachta eile amach anseo, ní mór iad a stóráil i limistéar slán in áitreabh na cuideachta.

I gcás nach mbeidh an táirgeoir in ann na plátaí a tháirgeadh ina n-áitreabh féin, ní fhéadfar na plátaí priontála is gá a ordú ach amháin ó tháirgeoir plátaí creidiúnach, ceann a tháirg plátaí le haghaidh an Ghreamáin Víosa AE cuir i gcás. Mar sin féin, ní mór an táirgeoir plátaí sin a bheith deimhnithe de réir ISO 14298. Ní fhéadfar na plátaí sin a sheachadadh chuig táirgeoirí údaraithe ach amháin tar éis údarú a fháil ón mBallstát. Ní mór fógra faoi sin a chur chuig an gCoimisiún freisin.

4.2. PÁIPÉAR

Ní mór dianrialú a dhéanamh ar an bpáipéar a tháirgtear le haghaidh an Doiciméid Taistil Éigeandála AE. Tá feidhm ag an dianrialú sin maidir leis an bpáipéar a mhonarú agus leis na céimeanna breise is gá (an taca greamaitheach a chur leis). Ní mór iniúchadh slándála a dhéanamh ar gach rolla agus gach bileog chun cuntasacht sa slabhra soláthair a áirithiú.

Ní mór an páipéar ar fad atá le seachadadh chuig táirgeoir DTÉ AE a chomhaireamh roimh an seachadadh. Ní mór na bileoga a sheachadtar chuig an táirgeoir agus a úsáidtear le linn an táirgthe a sheiceáil agus cuntas a thabhairt iontu.

Ní mór modh iompair slán a úsáid chun an páipéar a sheachadadh chuig na táirgeoirí. Ní mór measúnú riosca cineálach a dhéanamh agus a dhoiciméadú maidir leis an iompar agus ní mór aon bhearta slándála breise a mheastar a bheith riachtanach a chur chun feidhme (e.g. feithicil armúrtha, feithicil tionlacain). Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe sin aon uair a thagann athrú ar na cúinsí ábhartha.

4.3. GAIREAS DÍRAONTA ÍOMHÁNNA ATÁ INATHRAITHE GO hOPTÚIL

Ní mór táirgeadh agus úsáid an Ghairis Íomhánna atá Inathraithe go hOptúil (DOVID) le haghaidh an Doiciméid Taistil Éigeandála AE a bheith faoi réir próiseas rialaithe agus ní mór cuntas a thabhairt ann. Áirítear leis sin ní hamháin na paistí DOVID iomlána ach táirgí leathchríochnaithe agus táirgí millte nó dramhtháirgí.

▼B

Ní mór modh iompair slán a úsáid chun na paistí DOVID a sheachadadh chuig na táirgeoirí údaraithe. Ní mór an líon DOVIDanna atá le seachadadh a chlárú.

Ní mór na paistí DOVID atá le húsáid in áitreabh na dtáirgeoirí a rialú agus ní mór cuntas a thabhairt iontu freisin. Ní mór aon dramhábhar a stóráil ar bhealach slán agus féadfar é a scriosadh go slán tráth is faide anonn de réir mar is cuí. Ní mór cuntas a thabhairt i ngach paiste ionas gur féidir rian iniúchóireachta iomlán a chur ar fáil más gá.

Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát ordú a chur isteach le haghaidh DOVID ar bhonn bliantúil i bhfoirm ordaithe ghrúpáilte chun an praghas a laghdú i gcás na mBallstát aonair. Tá na Ballstáit freagrach as na socruithe conarthacha agus na socruithe airgeadais i gcomhréir leis an ordú grúpáilte. Ní féidir ach le táirgeoirí ar tugadh fógra dóibh páirt a ghlacadh san ordú grúpáilte le haghaidh DOVID.

### 4.4. DÚIGH SHLÁNDÁLA

Úsáidtear dúigh shlándála chun an Doiciméad Taistil Éigeandála AE a tháirgeadh agus tá úsáid na ndúch sin srianta. Is féidir na dúigh a ordú ó sholáthraithe creidiúnacha, ó tháirgeoirí DTÉ AE eile, nó iad a tháirgeadh in áitreabh na dtáirgeoirí. Ní fhéadfaidh táirgeoir na dúigh sin a sheachadadh chuig táirgeoir údaraithe eile go dtí go mbeidh cruthúnas faighte aige ar údarú an dara táirgeoir i leith DTÉnna AE a tháirgeadh.

Ní mór na dúigh shlándála a stóráil i limistéar slán. Tá gá le próiseas iniúchóireachta chun taifead a choinneáil ar na dúigh shlándála a úsáidtear i bpróiseas an táirgthe.

### 4.5. STÓRÁIL

Is féidir na hábhair a úsáidtear i dtáirgeadh DTÉnna AE a chatagóiriú mar a leanas:

— Ábhair Bhunúsacha (e.g. dúigh, páipéar slándála)

— Modhanna bunúsacha (e.g. clóphlátaí)

— Táirgí Leathchríochnaithe (foirmeacha neamhchríochnaithe agus/nó greamáin nach raibh faoi réir gach céime den táirgeadh)

— DTÉ AE críochnaithe — Foirm agus Greamán

Chun an táirge a stóráil agus a láimhseáil, is gá slándáil, cuntasacht agus rialú oiriúnach a bheith ann ag gach céim den phróiseas. Moltar go gcomhlíonfadh limistéir stórála na riachtanais a bhíonn ag seomraí láidre (féach ISO 14298).

## 5. RIALÚ CÁILÍOCHTA

Féadfaidh gach táirgeoir DTÉ AE a shonrú, i gcomhairle leis an mBallstát a údaraíonn an táirgeadh, cé na rialuithe cáilíochta a mholtar a dhéanamh ag gach céim den táirgeadh. Leis na rialuithe cáilíochta sin, ní mór a áirithiú go bhfuil na DTÉnna AE a tháirgtear i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla arna mbunú le Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle agus leis na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh ar bhonn na Treorach sin, ionas gurb é a laghad éagsúlachta is féidir a bheidh ann ó thaobh cáilíocht DTÉnna AE i measc baisceanna táirgthe éagsúla.

I gcás ina dtáirgtear DTÉnna AE nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla agus i gcás ina gcuirtear i gcúrsaíocht iad, ní mór don Bhallstát lena mbaineann fógra a thabhairt láithreach do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

▼B

6. TAGAIRTÍ

| | |
|---|---|
| ISO 14298 | Bainistiú próiseas priontála slándála (CWA 14641 roimhe seo) |
| EN 50518 | Ionad um fhaireacháin agus um fháil aláram |
| ISO 9001 | Córais bainistíochta cáilíochta |
| ISO 27001 | Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise |

▼M1

Cuid III

Greamáin aonfhoirmeacha de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE a líonadh isteach agus a ghreamú

1. **Greamáin aonfhoirmeacha de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE a líonadh isteach**

**Cuirfear na hiontrálacha seo a leanas isteach i ngreamán aonfhoirmeach de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE (DTÉ AE):**

1.1. Roinn "FOR ONE JOURNEY TO/POUR UN VOYAGE VERS":

Sonraítear sa Roinn seo an tír is ceann scríbe dá n-eisítear DTÉ AE.

Comhlánófar an Roinn seo tríd an ainm gearr a úsáid i mBéarla mar a leagtar amach i Roinn 7.1.1. agus in Iarscríbhinn A5 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach arna foilsiú ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh an Ballstát eisiúna an tír is ceann scríbe a chur in iúl freisin i dteanga oifigiúil eile nó i dteangacha oifigiúla eile. I gcás ina n-úsáidtear teangacha éagsúla, déanfar iad a dheighilt le fiarstríoc (/) (mar shampla: Italy/Italie).

1.2. Roinn "VIA/VIA":

Féadfaidh an Roinn seo aon tír idirthurais idir an tír imeachta agus an tír is ceann scríbe a léiriú, a chuireann in iúl an bealach pleanáilte.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na cóid trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

I gcás ina gcuirtear roinnt tíortha idirthurais in iúl, déanfar iad a dheighilt trí leas a bhaint as dais chothrománach (mar shampla: ESP-AUT). Ní shonrófar níos mó ná cúig thír idirthurais.

1.3. Roinn "NUMBER OF THE EU ETD FORM/Numéro DU FORMULAIRE TVP UE":

Comhlánófar an Roinn seo trí uimhir na foirme aonfhoirmí DTÉ AE ar a ngreamófar an greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a líonadh isteach.

1.4. Roinn "ISSUING STATE/ÉTAT DE DÉLIVRANCE":

Sonraítear sa Roinn seo an Ballstát a eisíonn DTÉ AE.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as an gcód trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

▼**M1**

1.5. Roinn “ISSUED IN/DÉLIVRÉ À”:

Sonraítear sa Roinn seo suíomh an údaráis eisiúna.

Léireofar an suíomh i mBéarla nó i bhFraincis.

Féadfaidh an Ballstát eisiúna, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, ainm nó giorrúchán an údaráis eisiúna a áireamh.

1.6. Roinn “DATE OF ISSUE/Date de délivrance”:

Sonraítear sa Roinn seo dáta eisiúna DTÉ AE.

Déanfar na dátaí a scríobh mar seo a leanas:

— an lá ina dhá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa lá a bheidh i gceist ach aon digit amháin;

— spás bán;

— an mhí ina dá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa mhí a bheidh i gceist ach aon digit amháin;

— spás bán;

— an bhliain ag baint úsáid as ceithre dhigit.

Mar shampla: 20 01 2018 = 20 Eanáir 2018.

1.7. Roinn “DATE OF EXPIRY/date d’expiration”:

Sonraítear sa Roinn seo dáta éaga DTÉ AE.

Déanfar dátaí a scríobh mar a shainmhínítear i bpointe 1.6 den Chuid seo den Iarscríbhinn.

De bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/997, tá DTÉ AE le bheith bailí ar feadh na tréimhse is gá chun an turas dá n-eisítear é a chur i gcrích. Agus an tréimhse sin á ríomh, tá liúntas le tabhairt i leith stadanna riachtanacha thar oíche agus i leith naisc taistil a dhéanamh. Tá “tréimhse chairde” bhreise dhá lá le cur san áireamh sa tréimhse bhailíochta. Mar a fhoráiltear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/997, ní rachaidh bailíocht DTÉ AE thar 15 lá féilire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

1.8. Roinn “SURNAME, GIVEN NAME/NOM, PRÉNOM”:

Sonraítear sa Roinn seo sloinne agus céadainm nó céadainmneacha an fhaighteora, san ord sin, agus iad scartha le camóg amháin (,).

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na gnásanna chun ainmneacha a scríobh a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

Is féidir an dara líne a úsáid chun ainmneacha fada a scríobh. Déanfar aon líne den sórt sin a eangú sa chaoi go seachnófar cur isteach ar an ngaireas díraonta íomhánna atá inathraithe go hoptúil, ar an spás atá curtha in áirithe le go bhféadfaí barrachód coiteann 2D a chur leis, nó ar an gcrios meaisín-inléite.

Más mó líon na gcarachtar a theastaíonn chun an sloinne agus an céadainm a scríobh ná na spásanna atá ar fáil, cuirfear ponc (.) in áit na gcarachtar breise.

▼M1

1.9. Roinn “NATIONALITY/NATIONALITÉ”:

Sonraítear sa Roinn seo náisiúntacht an fhaighteora.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na cóid trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

1.10. Roinn “DATE OF BIRTH/DATE DE NAISSANCE”:

Sonraítear sa Roinn seo dáta breithe an fhaighteora.

Déanfar dátaí a scríobh mar a shainmhínítear i bpointe 1.6 den Chuid seo den Iarscríbhinn.

1.11. Roinn “SEX/SEXE”:

Sonraítear sa Roinn seo inscne an fhaighteora.

Comhlánófar an Roinn seo i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6.

1.12. Roinn “REMARKS/Observations”:

Úsáidfidh an t-údarás eisiúna an Roinn seo chun aon fhaisnéis bhreise is gá a shonrú, mar shampla cineál agus uimhir an doiciméid ar cuireadh doiciméad eile ina ionad.

Má tá an fhaisnéis sin ar fáil, sonrófar an doiciméad ar cuireadh doiciméad eile ina ionad trí úsáid a bhaint as an gcód doiciméid dhá litir mar a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite agus uimhir an doiciméid ina dhiaidh sin (e.g. PP123456789).

Más mó líon na gcarachtar sa sloinne agus sa chéadainm ná an líon spásanna atá ar fáil sa Roinn “SURNAME, GIVEN NAME/NOM, PRÉNOM”, sonrófar na carachtair bhreise i ndiaidh ponc (.).

Má eisítear DTÉ AE do mhionaoiseach, féadfar an Roinn seo a úsáid freisin chun ainm agus caidreamh an duine fhásta leis an mionaoiseach a shonrú, mar shampla, san fhormáid seo a leanas:

“In aice le [sloinne, céadainm] ([luaigh an caidreamh, e.g. ‘máthair’, ‘athair’, etc.])”, mar shampla, “In aice le Eriksson, Anna Maria (máthair)”.

Déanfar an fhaisnéis a iontráil i mBéarla nó i bhFraincis.

1.13. Méid cló

Ba cheart iontrálacha an limistéir amharc-chigireachta a líonadh isteach ag úsáid méid cló 1.8 mm ar a laghad (agus an litir “E” á tomhas). Ní phriontálfar iad le méid cló níos lú ná 1.6 mm.

▼M1

1.14. Roinn don íomhá den aghaidh:

Déanfar grianghraf daite de shealbhóir DTÉ AE a chomhtháthú sa spás a choimeádtar chun na críche sin ar ghreamán DTÉ AE i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6, agus leis an tuarascáil theicniúil maidir le cáilíocht phortráide.

Maidir le cáilíocht na portráide, tá feidhm ag an tuarascáil theicniúil ar cháilíocht na portráide (Íomhánna Tagartha den Aghaidh le haghaidh DTMI) leagan 1.0 d'Aibreán 2018 ([1]).

1.15. Crios meaisín-inléite (MRZ):

Beidh an fhaisnéis ábhartha mheaisín-inléite i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6, ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE, agus comhlíonfaidh sé na sonraíochtaí i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 3.

Ina theannta sin, líonfar isteach na suíomhanna seo a leanas mar a leanas:

| *Suíomh na gcarachtar MRZ (líne 1)* | *Eilimint sonraí* | *Sonraíochtaí* |
|---|---|---|
| 1-2 | Cód an doiciméid | Úsáidfear na carachtair "PU" chun an doiciméad a ainmniú mar dhoiciméad taistil éigeandála aon bhileog le MRZ ([2]). |
| *Suíomh na gcarachtar MRZ (líne 2)* | *Eilimint sonraí* | *Sonraíochtaí* |
| 1-9 | Uimhir an doiciméid | Úsáidfear cód tíre dhá litir an Bhallstáit eisiúna mar a leagtar amach é i nDoiciméad ICAO 9303 agus an uimhir seacht ndigit atá réamhphriontáilte ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE. |
| 29-35 | Eilimintí sonraí roghnacha | Úsáidfear uimhir fhoirm aonfhoirmeach DTÉ AE. |

2. **Greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a ghreamú**

2.1. Greamófar an greamán aonfhoirmeach DTÉ AE go daingean den dara leathanach den fhoirm aonfhoirmeach DTÉ AE sa chaoi go gcoiscfear é a bhaint go héasca.

2.2. Déanfar greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a ailíniú le himeall an leathanaigh agus déanfar é a ghreamú de. Déanfar crios meaisín-inléite an ghreamáin aonfhoirmigh DTÉ AE a ailíniú le himeall seachtrach an leathanaigh.

2.3. Cuirfear stampa na n-údarás eisiúna ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE sa chaoi is go sínfidh sé ar an leathanach.

([1]) https://www.icao.int/Security/FAL/TRIP/Documents/TR%20-%20Portrait%20Quality%20v1.0.pdf.

([2]) Treoir Tharmligthe (AE) 2024/1986 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le crios meaisín-inléite Dheimhniú Taistil Éigeandála AE (IO L, 2024/1986, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2024/1986/oj).

▼M1

Cuid IV

Rialacha maidir le comhlachtaí éagsúla atá freagrach as foirmeacha agus greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh

1. **Comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit**

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir (AE) 2019/997, chuir na Ballstáit in iúl do na comhlachtaí seo a leanas go dtáirgeann siad a bhfoirmeacha agus a ngreamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE:

(1) Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.

Arna ainmniú ag: An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

(2) Imprensa Nacional – Casa da Moeda, S. A.

Arna ainmniú ag: an Phortaingéil.

(3) IN Group

Arna ainmniú ag: An Fhrainc ([1]).

2. **Raonta uimhrithe a shanntar do na comhlachtaí ainmnithe éagsúla chun foirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh**

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfanfaidh an comhlacht a d'ainmnigh siad mar chomhlacht a bhfuil freagracht air as a bhfoirmeacha aonfhoirmeacha agus a ngreamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh, agus an uimhir seacht ndigit á réamhphriontáil acu ar fhoirmeacha DTÉ AE, laistigh de na raonta uimhrithe seo a leanas:

(1) Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.: 0 000 000 – 6 999 999;

(2) Imprensa Nacional – Casa da Moeda, S. A.: 7 000 000 – 7 499 999;

(3) IN Group: 7 500 000 – 8 999 999.

Forchoimeádfar an raon uimhrithe 9 000 000 – 9 999 999 lena úsáid amach anseo.

([1]) Chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún, más gá, go n-athróidh sí a comhlacht ainmnithe go Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.